epa
Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*




# *Buaicphointí 2023*

# Highlights

KEY FIGURES
**EPA Activity**

**2,332**
fiosrú comhshaoil ón bpobal

**1,200+**
Cigireacht ar shaoráidí Tionsclaíocha agus Dramhaíola ceadúnaithe



205 cuairt ar láithreáin fuíolluisce uirbeacha agus 154 cuairt ar láithreáin uisce óil

**19**



Ionchúiseamh as cionta comhshaoil

**Os coinn €1bn**
Soláthar airgeadais de €1bn curtha i leataobh ar mhaithe le teagmhas ar shuíomh ceadúnaithe nó suíomh ceadúnaithe a tréigeadh a ghlanadh suas

**127**
Údarú Comhshaoil eisithe

**300+**
Chabhraigh 300+ eolaí saoránaigh linn chun cáilíocht aeir a thomhas i gCathair na Gaillimhe



**2,500+**
Monatóireacht déanta ag an GCC ar 2,500+ Loch, abhainn, inbhear agus dobharlach

**418**
tacar sonraí de chuid an GCC ar data.gov.ie



**€18.9 Milliún**
Bronnta ar thaighde comhshaoil nua

**113**
stáisiún cáilíochta aeir chomhthimpeallaigh a chuireann sonraí fíor-ama ar fáil

**Suas go 3 Lá**
Seirbhís nua de chuid an GCC a chuireann réamhaisnéisí cáilíochta aeir ar fáil suas le 3 lá roimh ré

# Highlights

KEY FIGURES
**EPA Activity**

**1,200,000**
Cuairt ar www.epa.ie

**86,000+**
leantóir ar na Meáin Shóisialta

**LEAP**
Tairseach nua ar líne de chuid an GCC a sholáthraíonn trédhearcacht agus rochtain níos éasca don phobal maidir le faisnéis forfheidhmithe comhshaoil

**Nua**
**Critéir Dheiridh Dramhaíola** nua le aghaidh Cumascáin Athchúrsáilte arna bhfógairt

**Nua**
**Critéir Fotháirgí** nua le haghaidh pleanáil bóithre arna bhfógairt

## PRÍOMH-FHIGIÚIRÍ a Tuairiscíodh in 2023

**1.9%**
Laghdú in Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2022



**29%**
Laghdú in Astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 réamh-mheasta ag GCC - i gcomparáid leis an sprioc 51%

**1/3** de theaghlaigh nach bhfuil rochtain acu ar sheirbhís bailiúcháin dramhaíola orgánaí*

**Níos lú ná 28%** de phacáistiú plaisteach á athchúrsáil†

**79%**
d'uiscí snámha, bhí cáilíocht uisce den chaighdeán is airde acu*

**99.7%**
Comhlíonadh de 99.7% ag soláthairtí uisce óil




**170,000**
Meastar go mbeidh leibhéil arda radóin ag 170,000 Teach Cónaithe

*sonraí 2022, †sonraí 2021

# Litir ón Ardstiúrthóir



Tharla comóradh 30 bliain ar bhunú an GCC in 2023. 30 bliain ar aghaidh, tá cúram an GCC chun comhshaol na hÉireann a chosaint, a fheabhsú agus a athshlánú, le rialachán, eolas eolaíochta agus comhoibriú le daoine eile, níos ábhartha ná riamh.

In ainneoin go bhfuil méadú ar ár bhfreagrachtaí, tá ár bpríomhchúram fós mar an gcéanna – déanaimid gníomhaíochtaí a rialáil a d'fhéadfadh truailliú suntasach a ghiniúint. Soláthraímid sonraí tráthúla, barántúla agus iontaofa faoi Chomhshaol na hÉireann. Oibrímid le daoine eile chun ár gcomhshaol a chosaint agus a chaomhnú.

Tá de riachtanas go bhfuil fás geilleagrach bunaithe ar rialáil éifeachtach a thacaíonn lenár gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú. Tá an GCC tiomanta chun reachtaíocht chomhshaoil agus raideolaíoch a fhorfheidhmiú ar bhealach atá cothrom, cóir agus trédhearcach.

Ó bunaíodh an GCC, tá measúnú déanta aici ar na mílte iarratas ar cheadúnas agus gach bliain déanann sí breis is 1200 cigireacht ar shuímh cheadúnaithe. D'éirigh go maith le formhór mór acu agus iad ag obair i gcomhréir lena gceadúnas. Mar sin féin, ní hamhlaidh atá i gcás fíorbheagáin acu, agus nuair a tharlaíonn sé sin, feidhmíonn an GCC a foireann iomlán de chumhachtaí forfheidhmithe. In 2023, sheol an GCC LEAP ar líne, rud a chuireann ar chumas an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le ceadúnais, cigireachtaí agus ceadúnaithe, ar bhealach nach raibh ann roimhe.

Cuireann an GCC sonraí comhshaoil neamhspleácha, measúnachtaí agus fianaise ar fáil chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht. I dtaca le cáilíocht uisce, tá monatóireacht déanta ag an GCC ar aibhneacha, lochanna agus inbhir na hÉireann le blianta fada agus léiríonn na sonraí is deireanaí atá againn nach bhfuil aon fheabhas suntasach tagtha ar cháilíocht bhitheolaíochta ár n-aibhneacha agus lochanna ar bhonn náisiúnta, rud is féidir a leagan ar bharraíocht nítrigine agus fosfair.

Maidir le hAeráid, léiríonn ár gcuid taighde, go dtacaíonn muintir na hÉireann go mór le gníomhaíocht ar son na hÉireann agus go gcreideann siad go bhfuil an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar Éirinn cheana féin. Léiríonn ár gcuid sonraí laghdú beag in astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2022, ach níl na hastaíochtaí ag laghdú tapa go leor chun gealltanais na hÉireann le haghaidh 2030 agus níos faide anonn a chomhlíonadh. Maidir le dramhaíl, léiríonn sonraí GCC go bhfuil méadú leanúnach ann maidir le cruthú dramhaíola agus nach bhfuil an ráta athchúrsála ag méadú chomh tapa céanna. Tá Éire fós róspleách ar mhargaí easpórtála maidir le méid suntasach dramhaíola.

In 2023, chuaigh an GCC i gcomhar le réimse eagraíochtaí chun tacú le comhshaol na hÉireann a chosaint, agus go sonrach, chomhoibrigh sí le Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, chomh maith leis an Taisce ar thionscadail eolaithe saoránaigh a d'fhéach le cáilíocht aeir a fheabhsú.

I mBuaicphointí Bliantúla na bliana seo, ní hamháin go bhfuilimid ag féachaint siar ach táimid ag féachaint chun cinn ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhimeachtaí 2024. Tá súil go mbeidh go mbeidh na dátaí don dialann seo cabhrach duit agus sinn ag obair le chéile i dtreo fhís an GCC i dtaca le maireachtáil inbhuanaithe i gcomhshaol sláintiúil a bhfuil meas air agus a bhfuil gach duine á chosaint.

**Laura Burke**
*Ard-Stiúrthóir GCC*

# Dates for the Diary



## EANÁIR

Tuarascáil Mheasúnú na hÉireann ar Athrú Aeráide



## FEABHRA

Tuarascáil i dtaca le hAthrú Aeráide i Meon Mhuintir na hÉireann – 'An Dara Céim'

Torthaí Aer Glan Le Chéile na Gaillimhe



## MÁRTA

1st

An Chéad Lá Náisiúnta um Chur Amú Bia a Chosc



## AIBREÁN

Tuairisciú ar thorthaí bliantúla Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh

Seoladh Ghairm Thaighde an GCC 2024



## BEALTAINE

Tuarascáil ar Uisce Snámha

Astaíochtaí Truailleán Aeir na hÉireann 2022

Comhdháil Aeráide an GCC

An Chomhdháil um Shláinte agus Folláine Chomhshaoil

Tuarascáil ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí



## MEITHEAMH

Táscaire um Cháilíocht Uisce

Comhdháil Náisiúnta ar Uisce

Réamh-mheastacháin Astaíochtaí gás ceaptha teasa

Tuarascáil ar Cháilíocht Soláthairtí Poiblí Uisce Óil



## IÚIL

Tuarascáil Shealadach ar Astaíochtaí gás ceaptha teasa 2023

Tuarascáil ar Uisce Óil Príobháideach



## LÚNASA

Aer Glan Le Chéile – Cathair Luimnigh



## MEÁN FÓMHAIR

Tuarascáil ar Cháilíocht Aeir in Éirinn

Comhdháil ar Thuarascáil ar Staid an Chomhshaoil 2024

Comhdháil ar Gheilleagar Ciorclach GCC



## DEIREADH FÓMHAIR

Tuarascáil ar Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh



## SAMHAIN

Ócáid Náisiúnta Aeir

Tuarascáil ar Fheidhmíocht Forfheidhmithe na nÚdarás Áitiúil



## NOLLAIG

Buaicphointí Bliantúla 2024

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*

